Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 31 Lúnasa 2020
(OR. en)

10353/20
ADD 1

PECHE 209

Comhad Idirinstitiúideach:
2020/0210(NLE)

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ilze JUHANSONE, Ard-Rúnaí an Choimisiúin Eorpaigh |
| dáta a fuarthas: | 31 Lúnasa 2020 |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2020) 438 final - ANNEXES |
| Ábhar: | IARSCRÍBHINNÍ a ghabhann leis an Togra le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE **maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh i gCruinnithe na bPáirtithe sa Chomhaontú chun cosc a chur ar iascach mórmhara neamhrialáilte i Lár an Aigéin Artaigh** |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2020) 438 final - ANNEXES.

---

Faoi iamh: COM(2020) 438 final - ANNEXES

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 31.8.2020
COM(2020) 438 final

ANNEXES 1 to 2

**IARSCRÍBHINNÍ**

**a ghabhann leis an**

**Togra le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh i gCruinnithe na bPáirtithe sa Chomhaontú chun cosc a chur ar iascach mórmhara neamhrialáilte i Lár an Aigéin Artaigh**

**IARSCRÍBHINN I**

**An seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais i gCruinnithe na bPáirtithe sa Chomhaontú chun cosc a chur ar iascach mórmhara neamhrialáilte i Lár an Aigéin Artaigh (An Comhaontú)**

## 1. PRIONSABAIL

Faoi chuimsiú chruinnithe na bPáirtithe sa chomhaontú, déanfaidh an tAontas an méid seo a leanas:

a) gníomhú i gcomhréir leis na cuspóirí agus na prionsabail atá á saothrú ag an Aontas laistigh den chomhbheartas iascaigh mar a leagtar síos i Rialachán (AE) 1380/2013, go sonrach tríd an gcur chuige réamhchúraim mar a leagtar síos in Airteagal 2(2) den Rialachán sin, chun cur chuige atá bunaithe ar an éiceachóras, cur chuige i leith bainistiú iascaigh, a chur chun cinn agus a chur chun feidhme, agus chun tionchar na ngníomhaíochtaí iascaireachta ar éiceachórais mhuirí agus ar a ngnáthóga a íoslaghdú, agus chomh maith leis sin, trí iascaigh de chuid an Aontais atá inmharthana agus iomaíoch ó thaobh an gheilleagair de a chur chun cinn, caighdeán cothrom maireachtála a chur ar fáil dóibh siúd a bhíonn ag brath ar ghníomhaíochtaí iascaireachta, agus leasanna na dtomhaltóirí a chur san áireamh;

b) oibriú i dtreo rannpháirtíocht iomchuí na bpáirtithe leasmhara, lena n-áirítear eagraíochtaí, comhlachtaí agus cláir eolaíochta agus teicniúla ábhartha, chomh maith le heolas dúchasach agus áitiúil, le linn ullmhú bhearta chruinnithe na bPáirtithe, lena n-áirítear i gcruinnithe na saineolaithe eolaíocha faoin gComhaontú, agus a áirithiú go bhfuil na bearta sin i gcomhréir leis an gComhaontú;

c) a áirithiú go bhfuil na bearta a ghlactar faoin gComhaontú comhsheasmhach leis an dlí idirnáisiúnta, agus go háirithe le forálacha Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige (UNCLOS)[1], le Comhaontú 1995 i ndáil le Caomhnú agus le Bainistiú Stoc Éisc Traslimistéir agus Stoc Éisc Mór-imirceach (UNFSA)[2], le Comhaontú 1993 chun comhlíontacht bád iascaireachta ar an mórmhuir i dtaca le bearta idirnáisiúnta caomhantais agus bainistíochta a chur chun cinn[3], agus le Comhaontú 2009 de chuid na hEagraíochta Bia agus Talmhaíochta ar Bhearta Stát an Chalafoirt[4];

d) seasaimh atá comhsheasmhach le dea-chleachtais eagraíochtaí réigiúnacha bainistithe (ERBIanna) sa limistéar céanna a chur chun cinn;

e) féachaint le comhsheasmhacht agus sineirge leis an mbeartas atá á shaothrú ag an Aontas mar chuid dá chaidreamh déthaobhach iascaigh le tríú tíortha, agus

1 IO L 179, 23.6.1998, lch. 3.
2 IO L 189, 3.7.1998, lch. 16.
3 IO L 177, 16.7.1996, lch. 26.
4 IO L 191, 22.7.2011, lch. 3.

comhleanúnachas lena bheartais eile a áirithiú, go sonrach i réimse an chaidrimh sheachtraigh, na fostaíochta, an chomhshaoil, na trádála, na forbartha, an taighde agus na nuálaíochta;

f) a áirithiú go ndéantar gealltanais idirnáisiúnta an Aontais a urramú;

g) beidh sé i gcomhréir le Conclúidí ón gComhairle an 19 Márta 2012 maidir leis an Teachtaireacht ón gCoimisiún i ndáil le gné sheachtrach an chomhbheartais iascaigh[5];

h) díriú ar chothrom iomaíochta a chruthú do chabhlach an Aontais laistigh de réimse an Chomhaontaithe, bunaithe ar na prionsabail agus na caighdeáin chéanna is infheidhme faoi dhlí an Aontais, agus cur chun feidhme aonfhoirmeach na bprionsabal agus na gcaighdeán sin a chur chun cinn;

i) beidh sé i gcomhréir leis an méid seo a leanas; conclúidí ón gComhairle maidir le hAigéin agus Farraigí, lena n-airítear an tArtach[6], An Teachtaireacht Chomhpháirteach ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Beartas Slándála agus ón gCoimisiún Eorpach maidir le "*An integrated European Union policy for the Arctic*" [Beartas comhtháite an Aontais Eorpaigh don Artach][7], conclúidí ón gComhairle[8] maidir leis an Teachtaireacht Chomhpháirteach ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Beartas Slándála agus ón gCoimisiún Eorpach maidir le "*International ocean governance: an agenda for the future of oceans*" [rialachas idirnáisiúnta na n-aigéan: clár oibre le haghaidh thodhchaí na n-aigéan][9], agus bearta a chur chun cinn chun tacú le cur chun feidhme éifeachtach an Chomhaontaithe, agus feabhas a chur ar an gcur chun feidhme sin, chun rannchuidiú le bainistíocht inbhuanaithe na n-aigéan i ngach gné de;

j) comhordú idir an Comhaontú, ERBIanna atá ann cheanna agus coinbhinsiúin réigiúnacha farraige (RSCanna) a chur chun cinn, go háirithe an Coimisiún um Iascach an Atlantaigh Thoir Thuaidh (NEAFC), agus comhar le heagraíochtaí domhanda, de réir mar is infheidhme, laistigh dá sainorduithe, i gcás inarb iomchuí;

k) tacú go gníomhach le Clár Comhpháirteach maidir le Taighde agus Faireachán Eolaíoch a mbeidh sé d'aidhm aige feabhas a chur ar thuiscint chomhchoiteann na bPáirtithe ar éiceachórais Mhórmhuir Lár an Aigéin Artaigh agus, go háirithe, a chinneadh an mbeadh stoic éisc ann i láthair na huaire nó amach anseo a d'fhéadfaí a shaothrú ar bhonn inbhuanaithe agus an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag an iascach sin ar na héiceachórais sin;

l) comhoiriúnacht a áirithiú idir bearta caomhnaithe agus bainistíochta arna mbunú le haghaidh na stoc céanna sna huiscí atá faoi dhlínse náisiúnta agus na bearta arna nglacadh i leith mórmhara i gcomhréir le hAirteagal 118 UNCLOS agus Airteagal 8 UNFSA;

m) a áirithiú go bhfuil comhsheasmhacht le leas an Aontais san Artach mar réigiún a bhfuil tábhacht straitéiseach mhéadaithe leis.

---

5 7087/12 REV 1 ADD 1 COR 1.
6 14249/19 an 19.11.2019.
7 JOIN(2016) 21 final an 27.4.2016.
8 7348/1/17 REV 1, 24.3.2017.
9 JOIN(2016) 49 final an 10.11.2016.

## 2. TREOSHUÍOMHANNA

I gcás inarb iomchuí, féachfaidh an tAontas le tacú le glacadh beart caomhnaithe agus bainistíochta, bunaithe ar an gcomhairle eolaíoch is fearr dá bhfuil ar fáil, agus ar an gcur chuige réamhchúraim, ó chruinnithe na bPáirtithe sa Chomhaontú.

## **IARSCRÍBHINN II**

### **Sonraíocht sheasamh an Aontais ó bhliain go bliain i gcruinnithe na bPáirtithe sa Chomhaontú chun cosc a chur ar iascach mórmhara neamhrialáilte i Lár an Aigéin Artaigh (An Comhaontú)**

Roimh gach cruinniú de chuid na bPáirtithe sa Chomhaontú, nuair a iarrtar ar an gcomhlacht sin cinntí a ghlacadh a bhfuil éifeacht dhlíthiúil leo ar an Aontas, glacfar na céimeanna is gá ionas go mbeidh an fhaisnéis eolaíoch is déanaí agus aon fhaisnéis ábhartha eile, a cuireadh chuig an gCoimisiún, á gcur san áireamh sa seasamh atá le cur in iúl thar ceann an Aontais, i gcomhréir leis na prionsabail, na critéir agus na treoshuíomhanna a leagtar amach in Iarscríbhinn I.

Chuige sin, agus bunaithe ar an bhfaisnéis sin, tarchuirfidh an Coimisiún chuig an gComhairle, in am trátha roimh gach cruinniú de chuid na bPáirtithe sa Chomhaontú, doiciméad i scríbhinn ina leagfar amach sonraí na sonraíochta atá beartaithe maidir le seasamh an Aontais atá le plé agus mionsonraí an tseasaimh atá le cur in iúl thar ceann an Aontais atá le formhuiniú.

Más rud é, le linn chruinniú de chuid na bPáirtithe sa Chomhaontú, nach féidir teacht ar chomhaontú, lena n-áirítear comhaontú ar an láthair, ionas go gcuirfidh seasamh an Aontais gnéithe nua san áireamh, cuirfear an t-ábhar faoi bhráid na Comhairle nó faoi bhráid a comhlachtaí ullmhúcháin.